**Scoil Naomh Bríde, Tulach Uí Chadhain**

**Plean Scoile: Ceol**

**Teideal:** Plean scoile don Cheol

## Réamhráiteas:

### (a) Conas a cuireadh an plean seo le cheile agus cé a bhí páirteach ann?

Is iad foireann na scoile a chuir an plean seo le chéile

### (b)Cén fáth go bhfuil gá leis an bplean seo?

- Chun múineadh agus foghlaim an cheoil sa scoil a thabhairt chun tairbhe
- Cinntiú go bhfuil eispearais iomlán a fháil ag na páistí i leith snáitheanna laistigh den churaclam sa Cheol.

## Fís agus Aidhmeanna:

### (a) Fís- An plean i gcomhthéacs na scoile

Mheas muid go gcuireann an ceol go mór le saol an pháiste agus gur cuid lárnach den churaclam ceoil ná gníomhaíochtaí taitneamhach.

### (b) Aidhmeanna

Is iad aidhmeanna an churaclaim ceoil

- a chur ar chumas an pháiste taitneamh a bhaint as ceol, é a thuiscint agus léirmheas criticiúil a dhéanamh air
- oscailteacht, feasacht agus freagairt do raon leathan de chineálacha ceoil, ceol na hÉireann san áireamh, a fhorbairt sa pháiste
- cumas an pháiste ar idéanna, mhothúcháin agus eispéiris a chur in iúl trí cheol mar dhuine aonánach agus i gcomhair le daoine eile a fhorbairt
- a chur ar chumas an pháiste an acmhainn ceoil atá ann/innti a fhorbairt agus taithí a fháil ar an scleondar agus sásamh a bhaineann le bheith páirteach go gníomhach i gcruthú ceoil

- féinmheas agus féinmhuinín an pháiste a chothú trí bheith rannpháirteach i léiriú ceoil
- machnamh ar ardleibhéal agus foghlaim feadh saoil a chothú trí eolas, scileanna, coincheapa agus buanna ceoil a shealbhú
- cur le cáilíocht saoil an pháiste trí eispéireas aeistéitiúil ceoil.

**Pleanáil Curaclaim:**

**Snáitheanna, Snáithaonaid agus fo-aonaid an churaclaim cheoil:**

a. Éisteacht agus freagairt

- Iniúchadh fuaimeanna
  - fuaimeanna an imshaoil
  - fuaimeanna gutha
  - cnagadh coirp
  - fuaimeanna uirlisí
- Éisteacht le ceol agus freagairt dó

b. Léiriú

- Amhránaíocht
  - amhránaíocht aoncheoil
  - páirtamhránaíocht shimplí
- Litearthacht
  - rithim
  - tuinairde
  - rithim agus tuinairde
- Seinm uirlisí

c. Cumadóireacht

- Tobchumadh agus cruthú
- Píosaí cumadóireachta a phlé agus a thaifeadadh

## Bainistíocht an tSeomra Ranga:

Cuidíonn eagrúchán maith leis an bainistíocht ranga agus bíonn sé seo mar bhuntaiste do fhorbairt an pháiste. Moltar na páistí a bheith chomh gníomhach is féidir agus gach páiste a bheith rannpháirteach sa rang tré cuspoirí ranga soléir a bheith leagtha amach ag an múinteoir róimh ré

## Príomh-Mhodheolaíochtaí:

**Módh-Eolaíochta/Módh Oibre**

- Rang Iomlán: obair aonair & bheirte agus obair ghrúpa
- Módh na sraithe,
- módh na lán fhreagartha gníomhaí,
- an módh díreach
- an módh clóslabhartha
- an módh clósamhairc
- Tascanna agus trialacha
- Babhta tobsmaoibte a dhéanamh agus liostaí
- Comhrá Ranga ag na grúpaí éagsúla futhu: Ceisteanna agus freagraí
- Ag bailiú eolais/ tionscnamh
- Cuir i lathair: Taispeantas
- Cluichí éisteachta

## Nascadh agus Comhthathú:

Teanga: Iarrann gach leibhéal den churaclam ceoil ar an bpáiste éisteacht le ceol agus freagairt dó ar bhealaí éagsúla. Beidh cur síos ó bhéal ina ghné rialta, agus is féidir leis an múinteoir an deis a thapú chun foclóir an cheoil agus stór focal an pháiste a leathnú in achair eile nuair a fhreagraítear don cheol. Cuireann amhráin focail agus nathanna cainte nua ar fáil láithreach don pháiste, go háirithe amhráin i nGaeilge nó i dteangacha na Mór-Roinne. Déanann cur síos an pháiste ar phróiseas na cumadóireachta, bíodh sé ó bhéal nó scríofa, breis deiseanna ar fhorbairt teanga a chur ar fáil.

<u>OSIE</u>: D'fhéadfadh na páistí léargais ar chultúir eile a fháil tríd an gceol. Chun go dtuigfí foinse dréachta áirithe ceoil i gceart, ba chóir go mbeadh roinnt tuisceana ag na páistí ar an ré, ar an áit agus ar an bpobal lena mbaineann sé. Bíonn ceangal nádúrtha ann idir aithint na gcuspóirí ceoil, mar shampla chun misneach, eagla, ríméad nó brón a mhúscailt, agus na scileanna, coincheapa agus meonta atá i gclár na staire ag an leibhéal áitiúil, ag an leibhéal náisiúnta agus ag an leibhéal idirnáisiúnta. Iniúchadh fuaime a naisceann an ceol leis an eolaíocht. Sa cheol, is í an fhuaim an t-ábhar amh a spreagann éisteacht, déanamh agus cumadh ar bhealach ealaíonta. San eolaíocht, is foirm fuinnimh le fiosrú agus le míniú í fuaim. Bíonn smacht ar an bhfuaim ag teastáil sa dá achar chun í a mhúnlú, chun í a úsáid go lánléiritheach agus chun í a úsáid mar fhoirm idirghníomhaíochta.

<u>Matamaitic</u>: Bíonn nasc ag an-chuid gnéithe de chlár an cheoil le gníomhaíocht sa mhatamaitic. Le linn dóibh bheith ag obair sa cheol le fuaimeanna, le patrúin agus le heagrú, bíonn páistí i mbun próiseas matamaiticiúil, go díreach mar a bhíonn siad agus iad ag obair le coirníní, le bloic agus le rudaí eile. Is féidir le gníomhaíochtaí éisteachta agus taifeadta araon an chomhfhreagairt aon le haon a fhorbairt. Tharlódh go bhfásfadh tuiscint fho-chomhfhiosach do chodáin sna ranganna naíonán as scileanna simplí rithimeacha a thabhairt isteach (buillí lána agus leathbhuillí), agus sna ranganna sinsearacha chuirfeadh teaglamaí ní ba chasta de phatrúin agus de luachanna i rithim le hobair ar chodáin, ar dheachúlacha agus ar uimhreacha.

## <u>**Cothromaíocht idir Eolas agus Scíleanna**</u>

Spreagfar clár eifeachtach páistí chun ceisteanna a chur, chun a gcuid idéanna a thástáil agus a phlé. Cabhróidh an phleanáil leis na múinteoirí féachaint chuige go gcinntear clár cothrom ceoil ag gach leibhéal.

Chun an mhodheolaíocht nó an cur chuige teagaisc a mholtar sa phlean scoile a chur i bhfeidhm caithfidh múinteoir a t(h)aithí féin orthu seo a leanas a mheas

- raon d'amhráin oiriúnacha
- ábhar éisteachta, a léiríonn raon fairsing de stíleanna, de thraidisiúin agus de

réanna

- obair uirlise (mar shampla an uirlis shéiseach atá le múineadh, ag teacht le polasaí na scoile)
- litearthacht sa cheol (mar shampla an cineál nodaireachta a úsáidtear sa scoil)
- cumadóireacht chun críocha éagsúla, ag úsáid foinsí fuaime agus gnéithe éagsúla ceoil.

**Measúnú: Ag Breathnú ar Obair na Leanaí:**

- Breathnadóireacht an mhúinteora
- Tascanna agus trialacha a dhéanann an múinteoir. **:** An múinteoir ag éisteacht leis na páistí a canadh i ngrúpaí/ina aonar, An múinteoir ag iarraidh ar páistí aonracha patrún rithim a dhéanamh agus a fhreagairt
- Próifílí curaclaim
- Samplaí oibre, bailiúchin oibre agus tionscadail

**Comhionannas agus Rannpháirtíochta**

Tugtar deiseanna cothroma do bhuachaillí agus cailiní maidir le rannphairtíocht i ranganna agus gníomhaíochtaí. Bíonn na deiseanna céanna ag na buachaillí agus ag na cailiní cleachtadh bheith acu ar gach snáithe.

- **Pleanáil Eagraíochta**

**Clár Ama**

Seo an méid ama a thugtar do ceol gach seachtain:

Ranganna Naíonáin: 40 nóiméad sa tseachtain

Meán Ranganna agus Ard Ranganna: 60 nóiméad sa tseachtain

**Acmhainní agus Treallamh**

- Séinnteoir dlúthdhiosca

- Dlúthdhioscaí éagsúla
- Féadóg stáin ag gach pháiste
- Raon leathan dlúthdhioscaí agus téipeanna
- Úirlísí ceoil – Tá réimse leathan cnag uirlisí ag an scoil.
- Leabhair éagsúla ceoil agus billeoga oibre

## 6. Sábháilteacht

Mar chuid den phleanáil don cheol sa scoil, ba chóir smaoineamh ar na saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta seo a leanas:

- na dainséir do pháistí agus iad ag bogadh thart sa seomra ranga a bhíonn faoi cheilt i dtroscán nó i bhfearas éadaingean
- an chóiríocht stórála le haghaidh trealaimh, chomh maith le saincheisteanna sábháilteachta nuair a bhíonn an trealamh sin á fháil agus á iompar
- aerú an tseomra ranga
- an méid spáis a bheadh ar fáil do pháistí chun suí agus chun seasaimh ann (mar shampla nuair a bhíonn obair chórúil nó obair uirlise ar siúl acu).

## 7. Pleanáil agus Tuairisciú Múinteoir Aonair

Déanfar pleanáil agus rognófar aonaid oibre don cheol, ag déanamh deimhin go ngeobhaidh na páistí cleachtadh ar chlár leathan comhchothrom. Tabharfaidh an múinteoir na factóirí seo a leannas san aireamh nuair atá siad ag pleanáil aonad oibre bliana: eispéireas foghlama, clár na scoile, cur chuige, modhanna oibre agus modhanna muinte, acmhainní agus tacaíocht atá ar fail don mhúinteoir.

<u>Comhtháthú ar fud na leibhéal ranga</u>

D'fhéadfadh an clár ceoil freastal ar riachtanais na múinteoireachta illeibhéil ar mhórán bealaí. In achar an léirithe, is féidir le páistí níos sine cabhrú le páistí óga nuair a bhíonn siadsan ag foghlaim conas a nguth amhránaíochta a úsáid, conas mothú airde a fhorbairt nó conas uirlisí an tseomra ranga a láimhsiú. Ar a sheal, is as seo a fhásfaidh iniúchadh na

ngnéithe rithimeacha agus na ngnéithe séiseacha atá in amhráin nó i bpatrúin tionlacain na bpáistí is sine. Is féidir le grúpaí de na páistí is sine agus de na páistí is óige araon gníomhú mar bhaill ghníomhacha den lucht éisteachta ag léirithe a chéile, ag éisteacht le hamhránaíocht, le léiriú nó le tobchumadh a chéile le spéis, agus ag tairiscint idir fhreagraí dearfacha, mholtaí dearfacha agus spreagadh dearfach.

## **8. Forbairt Foirne**

Tá sé riachtanach go mbeidh cumarsáid maith idir foireann na scoile. Cuirfidh an caidreamh a dhéanfaidh an múinteoir leis an múinteoir a bhí i mbun an ranga roimhe/roimpi féin agus breathnú ar thaifid an ranga faisnéis úsáideach ar fail dó/di nuair a bheidh clár nua á dhreachtadh agus scéimeanna oibre á phleanáil amach aige/aici.

## **9. Rannpháirtíocht Tuismitheoirí agus Nascadh leis an bPobal**

Is feidir le tuismitheoir suim a chothu ina bpáiste féin sa cheol tré

- Éisteacht leo agus iad a spreagadh chun cleachtadh a dhéanamh
- Freastaal ar ocáidí ceoil, dramaí, aifreann agus rl a eagraíonn an scoil agus an pobal
- Spreagadh a dhéanamh ar an bpáiste agus ar an tabhacht a bhaineann le úsáid na buanna atá aige/aici.
- Iarraidh ar thuismitheoiri nó cuairteoirí theacht chun na scoile chun a gcuid buanna féin a léiriú agus a thaispeaint
- Éisteacht agus freagairt do cheol sa mbaile
- Comortaisí ceoil-uirlise agus gutha
- Gníomhaíochtaí ceoil tar éis scoile a chur chun cinn

**Nascadh leis an bPobal**

- Ag réiteach don Chomaoineach agus Coineartú
- Ag canadh Carúil na Nollag tré cuairt a thabhairt ar na sean daoine
- Aifrinn nó sochraidí

- Físeáin nó Dlúthdhiosca Beo go Deo
- Ocáisdí Séasúracha

- **Critéir Rathúlachta**

Tá ullmhuchán na múinteoirí riachtanach chun an plean seo a chur i bhfeidhm. Tá sé tabhachtach na módhanna atá luaite a bheith á leanúint agus athbhreithniú a dhéanamh ar seo go rialta.

- **Cur i bhFeidhm: Meán Fomhair 2013**

**Rólanna agus Freagracht**

Tá sé an-tabhachtach do fhorbairt an pháiste go bhfuil an churaclam a chur i bhfeidhm i ngach rang. Tá an freagracht seo ar fhoireann na scoile ar fad agus gach múinteoir freagrach as a rang féin. Beidh an plean seo le cur i bhfeidhm Meán Fomhair 2013.

- **Athbhreithniú: Meitheamh 2015**

**(a) Rólanna agus Freagracht**

Tá an freagracht seo ar fhoireann na scoile nuair atá data den athbhreithniú thuas. Meitheamh 2015.

**(b) Spriocdháta don athbhreithniú:**

Déanfar athbhreithniú ar seo sa bhlian 2015

- **Daingniú agus Cumarsáid**

**Siniú ________________________________ Dáta: _________________**

**Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta**